Eolas Poiblí

EirGrid

EirGrid.ie
An tUbhchruth, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath, D04 FW28

# Baile Átha Cliath a Chumhachtú

## Carraig Mhaighin go dtí An Poll Beag

**Tá EirGrid freagrach as an eangach leictreachais in Éirinn. Lenár gcuid oibre, cuirtear cumhacht iontaofa ar fáil do gach úsáideoir agus sinn ar thús cadhnaíochta i dtreo todhchaí ísealcharbóin. Cuireann an eangach leictreachas ar fáil dár gcuid tithe, gnólachtaí, scoileanna, ospidéal, agus feirmeacha.**

Is éard atá i gceist le Baile Átha Cliath a Chumhachtú ná tionscadal claochlaitheach lena suiteálfar 50km de cháblaí ardvoltais faoi thalamh in ionad cáblaí níos sine ar fud Bhaile Átha Cliath San áireamh sa tionscadal seo tá cábla lena nascfar Fostáisiún Charraig Mhaighin le Fostáisiún an Phoill Bhig, taistealóidh 8km den chábla sin thar Chuan Bhaile Átha Cliath ó Pháirc na Carraige Duibhe go Leithinis an Phoill Bhig.

Bainfidh EirGrid leas as roinnt bearta le linn na suirbhéanna seo chun an timpeallacht a chosaint. Áireofar leo sin oibreacha comhuainithe chun éin gheimhridh a sheachaint, gnáthóga íogaire a sheachaint, agus nósanna imeachta a chur chun feidhme chun torann faoin uisce a laghdú.

Mar chuid den tionscadal seo, beidh RINA S.p.A. i mbun suirbhéanna muirí thar ceann EirGrid i gCuan Bhaile Átha Cliath. Is iad seo a leanas na suirbhéanna a bheidh ar bun:

- Suirbhéanna Geoifisiceacha
- Suirbhé UAV (Aerfheithicil gan Foireann)
- Suirbhéanna UXO (Feiste Neamhphléasctha)
- Suirbhéanna Comhshaoil
- Suirbhéanna geoiteicniúla
- Suirbhéanna Meit-aigéin

Bainfidh EirGrid leas as roinnt bearta le linn na suirbhéanna seo chun an timpeallacht a chosaint. Áireofar leo sin oibreacha comhuainithe chun éin gheimhridh a sheachaint, gnáthóga íogaire a sheachaint, agus nósanna imeachta a chur chun feidhme chun torann faoin uisce a laghdú.



# An méid a bheidh ag tarlú

Beidh na suirbhéanna sin ar siúl i gCuan Bhaile Átha Cliath **ó earrach 2026 go samhradh 2027**. Beidh na soithigh seo a leanas i mbun na suirbhéanna is gá:



**Lady Kathleen**
*Suirbhéanna Geoifisiceacha, Comhshaoil agus Meit-Aigéin*



**Ocean Energy Multicat**
*Suirbhéanna Geoiteicniúla*



**Jack-up Barge**
*Suirbhéanna Geoiteicniúla*

Má tá aon cheist nó ábhar imní agat, is féidir leat teagmháil a dhéanamh lenár nOifigeach Idirchaidrimh don Phobal:




**Liz Dillon**
Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal
Liz.Dillon@EirGrid.com
087 188 7982


Le haghaidh tuilleadh eolais ar an gclár Baile Átha Cliath a Chumhachtú, tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin: **www.EirGrid.ie/Dublin**

Má bhíonn aon cheisteanna nó ábhair imní agat maidir le hiascaireacht mhuirí le linn na suirbhéanna seo, is féidir leat teagmháil a dhéanamh lenár nOifigeach Idirchaidrimh Iascaigh tiomnaithe:




**Ronan Lynch**
Oifigeach Idirchaidrimh Iascaigh
Ronan.Lynch@EirGrid.com
087 490 4786


